



Foireann Thiobrad Árann, céad bliain ó shin

trasnán ag an am de bhrí nach n-áirítí ach cúil amháin.

Ar mbeith réidh do na foirne mháirseáil siad ar fad go Páirc an Fhionnuisce, amuigh i dtosach bhí na fir a bhí ag iompar na gcuaillí, ina ndiadh tháinig fear le buicéad aoil is cúpla scuab agus ansin amhail mar a rinne na himreoirí an lá roimhe sin agus iad ag teacht ó stáisiún na traenach mháirseáil siad gualainn ar ghualainn arís. Bhí siad feistithe amach ina gcuid léinte agus brístí glúine agus a gcuid camán ar a nguaillí acu.

Ní fhacthas a shamhail seo i mBaile Átha Cliath cheana agus ní gan fáth gur thosaigh an olann ag téamh ar na húdarais. Cuireadh scéala práinneach go Páirc an Fhionnuisce ag tabhairt le fios go raibh díorma Fíníní le reithe cogaidh (battering-ram) ag déanamh ar an áit le hÁras Ionadaí an Rí a ionsaí!

Faoi mar a bheadh súil leis bhí na geataí faoi ghlas nuair a shroich an Cíosógach agus na foirne an pháirc, agus ní gan dua a chuir Micheál ina luí ar na húdarais gur cluiche iomána a bhí beartaithe acu a imirt.

Ar deireadh nuair a scaoileadh isteach na báireoirí agus thart ar 200 dá lucht leanúna feistíodh amach an fhaiche faoi chomhair na coimhlinte.

An Cath á Riar

Duine is fiche a bhíodh ar gach foireann

anuas go dtí an bhliain 1913 agus ní mórán gnaithe a bhí ag an bhfear beag lag san imirt an uair úd óir ba fhir mhóra láidre thoirtíula a thoghaí agus ba mhinic an ceart ag an neart sna géarchomórtais. Ina cheann sin cheadaítí iomrascáil nó caraíocht ar feadh scaití le linn an chluiche. Go deimhin níorbh rud neamhghnách ach oiread imreoir ó gach taobh a fheiceáil ag caraíocht fhad is a bhí an dá scór báireoirí eile ag imirt an chluiche. Fíor-chorruair a shéidití an fheadóg na laethanta croídhílse sin.


Ach maidir leis an gcomhrac idir Gaillimh is Tiobraid Árann deirtear go mba an-chluiche amach is amach a bhí ann — é anam-úil aigeanta agus saor ó ghangaid. Mhair an imirt uair is fiche nóiméad, ach i ndeireadh na dála d'éirigh leis na sárfhir ó Dhúiche an Chéitinnigh le cúl amháin in aghaidh thada.

Níor cheart go ligfí eáchtaí na laochra seo i ndearmad choíche óir thug siad treoir, dea-

shampla is inspioráid dá dtáinig ina ndiaidh.

Rinne an comhrac seo an-leas don chumann nuabhunaithe san ardhathair agus dá bharr sin tháinig borradh faoi chluiche ársa Chúchulainn cois Life áit ar bunaíodh roinnt clubanna.

Faoi mar is eol don saol Fódach níor imríodh an chéad chluiche ceannais Iománaíochta go dtí 1 Aibreán 1888. Ba é seo babhta ceannais 1887 agus ba iad na Gaillimhigh agus báireoirí Thiobraid Árann a bhí i ngleic lena chéile arís. Dúrlas a bhí in éadan Mhíllic i mBiorra agus bhí an lá leis na Muimhnigh leis an scór 1-1 i gcoinne tada.



Séamas Ó Cualáin (bunaitheoir) ag bronnadh duaise ar Dhiarmaid Ó Gráinne sa Chomórtaí Amhrán Nuachumtha (in onóir do Phádraig Mac Piarais) sa Chránnóg i Ros Muc i 1986.

An tAthair Stiofán Ó Conghaile nó An Misean Mór

Is beag duine i gConamara a bhí tagtha in aois céille nuair a rugadh mise nár chuala caint agus trácht ar an Misean Mór nó an tAth Stiofán Ó Conghaile as Árainn. Go deimhin nuair a chuimhnítear air, cuimhnítear ar na línte seo leanas:

"Nach deas an rud poitin sa tír seo d'iocfadh sé cíos agus poor law Leigheasfadh sé casacht na hoíche agus dhíreodh sé an seandúine cam"

(Amhrán an Phoitín)

Go deimhin chuimhneofaí faoi aon líne a cumadh ariamh faoin "mbraoinín crua", "bainne na heasóige" nó an "stuif glas" seo. Nach aisteach le rá é ach go raibh an oiread gráin más fíor ag an misean mór ar an mbraon seo is a bhí ag an diabhal ar an uisce coisreacan. Go deimhin chuir sé a sheacht míle mallacht air más fíor a bhfuil ráite. Bhíodh sé ag dul thart ó áit go háit ag seanamóireacht agus deirtí go gcloisfí i bhfad is i ngearr a ghlór doimhin searbh. Bhíodh clamsán ar an bpoitín aige i ngach áit mórán.

Deirtí go gcuirfeadh an Misean Mór scéin i ndaoine lena chuid seanamóireachta. Chuir sé mallacht trasna ar mhuintir Dhoire Fheárta sa

gCeathrú Rua más fíor faoin bpoitín.

Seans go mb'fheidir gur iomaí braon de a dhóirt sé má fuair sé an deis. Má bhí leigheas i "dtús an phota" do phianta cnámh, slaghdán agus don *arthritis*, níorbh é an misean mór a cheapfadh tada faoi.

Deirtear go mbíodh mallacht na croise céasta ag sagairt agus ag misiúin ariamh. Bhí sé ráite gur chaith an misean mór an chrois chéasta síos an t-urrlár agus deirtear fós gur bhuaill sé duine leis. Chuirfeadh sé fainic nó breithiúnas aithrí nó iachall an chrua ar dhaoine gan baint ná páirt a bheith acu leis. Dhá bhfeicfeadh sé duine agus é dallta ar meisce bheadh sé ina rúille búille.

Fear breá láidir a bhí san Athair Ó Conghaile le aoirde bhreá agus déanamh. Labhraíodh sé amach go láidir agus deirtí go mbíodh maidhmeanna allais air ag an gcaint.

Bhíodh sagairt mar shampla ag dul isteach i dtithe timeanna nó siamsaíochta ag an am agus deirtear gur chuir sagart amháin acu an lampa de na frathacha le teann oilc. Chuir sé an slua a bhí sa teach amach an doras de rith te reatha. Nach

mór an t-athrú ar an saol é ó shoin, buíochas le Dia agus an méid siamsaíochta atá i ngach áit inniu.

Bhí an altóir nó "scilling na haltóra" ann aimsir an mhiseain mhór agus go dtí le roinnt blianta le linn tórraimh. Cuireadh claochlú freisin ar ól ar an tórramh cé is móite go bhfuil an gnás fós beo i.e. braon óil bheith sa teach. Níl aon altóir i gceist sa lá atá inniu ann.

Deirtear "ná déan nós agus ná bris nós" ach ní measa an té a chum ná an té a cháin. Bhí sé ráite faoin sagart (agus muid ag trácht ar an misean mór) "ná bí leis 's ná bí ina aghaidh, tabhair a chuid dó agus fan amach uaidh".

Deirtear sa seanráiteas "Ceathrar sagart gan a bheith santach". Ní chreidim féin é seo i gcás na sagart inniu cibé scéal é.

Mar a deir ráiteas eile "níl fuacht, níl peannaid, níl ní ar bith is cráite ná éag na gcarad nó scaradh na gcompánach".

Maireann an chraobh sa bhfál ach ní mhaireann an láimh a chur.

Pádraig Seoige, Camus

Nioclás P. Ó Conchúir

LEITIR MÓIR

Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

Pluiméireacht • Adhmad
Earraí Leictreach • Péint

TIGH PHÁDRAICÍN

Beár • Bialann

Leaba & Bricfeasta

Na Forbacha, Co na Gaillimhe.

Teil: 091-592444